2024/841

11.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/841 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Márta 2024

lena nglactar le hiarraidh ar stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua i ndáil leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha arna bhforchur ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(5) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus go háirithe Airteagal 1, mír 6, de ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

A. NA BEARTA ATÁ I bhFEIDHM

(1) An 17 Eanáir 2019, trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 ('an Rialachán bunaidh'), d'fhorchuir an Coimisiún dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach ('an táirge lena mbaineann') de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') isteach san Aontas.

(2) San imscrúdú a raibh sé mar thoradh air dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha a fhorchur ('an t-imscrúdú bunaidh'), cuireadh sampláil i bhfeidhm san imscrúdú bunaidh chun táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne a imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2016/1036.

(3) D'fhorchuir an Coimisiún rátaí dleachta frithdhumpála aonair idir 10,3 % agus 62,1 % ar allmhairí rothar leictreach i gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a sampláladh ón tSín. Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár áiríodh sa sampla (cé is moite de na cuideachtaí atá faoi réir an ráta dleachta frithchúitimh le haghaidh gach cuideachta eile arna fhorchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún ([3]) ar an táirge lena mbaineann) forchuireadh meándleacht ualaithe 24,2 %. Liostaítear na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sin nár áiríodh sa sampla in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán bunaidh. Forchuireadh meándleacht ualaithe 16,2 % ar chuideachtaí comhoibríocha eile nár áiríodh sa sampla (agus atá faoi réir an ráta dleachta frithchúitimh le haghaidh gach cuideachta eile arna fhorchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún ar an táirge lena mbaineann). Liostaítear iad sin in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán bunaidh. Thairis sin, forchuireadh ráta dleachta 70,1 % a chuimsigh an tír ar fad ar rothair leictreacha ó chuideachtaí sa tSín nár chomhoibrigh leis an imscrúdú frithdhumpála ach a chomhoibrigh san imscrúdú frith-fhóirdheontais maidir le hallmhairí den táirge lena mbaineann (a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán bunaidh). Forchuireadh ráta dleacht 62,1 % ar gach cuideachta eile.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) IO L 16, 18.1.2019, lch. 108.
([3]) IO L 16, 18.1.2019, lch. 5.

(4) De bhun Airteagal 1, mír 6, den Rialachán bunaidh, féadfar mír 2 den Airteagal sin a leasú trí tháirgeoir onnmhairiúcháin nua a chur leis an iarscríbhinn iomchuí leis na cuideachtaí comhoibríocha nár airíodh sa sampla agus, dá bhrí sin, faoi réir an mheánráta dleachta frithdhumpála ualaithe iomchuí, i gcás ina soláthróidh an táirgeoir onnmhairiúcháin nua sin sa tSín fianaise leordhóthanach don Choimisiún a léireoidh an méid seo a leanas:

(a) nár onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar a bhfuil na bearta bunaithe, is é sin ón 1 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 30 Meán Fómhair 2017 ('an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh');

(b) nach bhfuil gaol aige le haon cheann de na honnmhaireoirí ná de na táirgeoirí sa tSín atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán bunaidh a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú leis an imscrúdú bunaidh; agus

(c) gurb amhlaidh a d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, sin nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air cainníocht shuntasach a onnmhairiú chuig an Aontas.

B. **IARRAIDH AR STÁDAS AN TÁIRGEORA ONNMHAIRIÚCHÁIN NUA**

(5) An 9 Deireadh Fómhair 2022, chuir an chuideachta Zhejiang Feishen Vehicle Industry Co., Ltd ('an t-iarratasóir') iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin go ndeonófaí stádas an táirgeora onnmhairiúcháin nua ('NEPT') di agus, dá bhrí sin, go mbeadh sí faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha sa tSín nár áiríodh sa sampla, faoi réir an ráta dleachta frithchúitimh chomhthreomhair le haghaidh gach cuideachta eile, i.e. 16,2 %, ag maíomh gur chomhlíon sí na trí choinníoll a leagtar amach in Airteagal 1, mír 6, den Rialachán bunaidh.

(6) Chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir na coinníollacha le go ndeonófaí NEPT dó, na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 1, mír 6, den Rialachán bunaidh ('coinníollacha NEPT'), chuir an Coimisiún ceistneoir ar dtús chuig an iarratasóir inar iarradh fianaise a léireodh gur chomhlíon sé coinníollacha NEPT. Thug an t-iarratasóir freagra ar an gceistneoir.

(7) D'fhéach an Coimisiún le gach faisnéis a mheas sé a raibh gá léi a fhíorú chun a chinneadh ar chomhlíon an t-iarratasóir coinníollacha NEPT. Chuige sin, rinne an Coimisiún anailís ar an bhfianaise a chuir an t-iarratasóir isteach. Tá ceadúnas bailí gnó ag an iarratasóir chun rothair leictreacha a tháirgeadh a fíoraíodh de réir na sonraí a choimeádtar i gclárlann na Síne. I gcomhthráth, chuir an Coimisiún tionscal an Aontais ar an eolas faoin iarraidh ón iarratasóir agus d'iarr sé ar an tionscal barúlacha a thabhairt, i gcás inar ghá. Dheimhnigh tionscal an Aontais nach bhfuil gaol ag an iarratasóir le haon táirgeoir onnmhairiúcháin atá faoi réir an dleachta. Sholáthair tionscal an Aontais sonraí onnmhairiúcháin maidir leis an iarratasóir lenar léiríodh gurbh fhéidir gur onnmhairigh sé rothair leictreacha cheana le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh. Mar sin féin, tar éis anailís a dhéanamh ar na sonraí a soláthraíodh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár bhain na honnmhairí le rothair leictreacha ach le scútair leictreacha, nach bhfuil faoi réir an dleachta.

C. **ANAILÍS AR AN IARRAIDH**

(8) Maidir leis an gcéad choinníoll a leagtar amach in Airteagal 1, mír 6, den Rialachán bunaidh nár onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar a bhfuil na bearta bunaithe, is é sin ón 1 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 30 Meán Fómhair 2017, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe nár onnmhairigh an t-iarratasóir rothair leictreacha chuig an Aontas. Níor léiríodh aon díolachán rothar leictreach chuig an Aontas sna mórleabhair dhíolacháin a chuir an t-iarratasóir isteach.

(9) Maidir leis an dara coinníoll a leagtar amach in Airteagal 1, mír 6, den Rialachán bunaidh, nach bhfuil gaol ag an iarratasóir le haon onnmhaireoir ná táirgeoir atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán bunaidh, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe nach bhfuil gaol ag an iarratasóir le haon onnmhaireoir nó táirgeoir sa tSín atá faoi réir na mbeart frithdhumpála arna bhforchur leis an Rialachán bunaidh agus a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.

(10) Maidir leis an tríú coinníoll a leagtar amach in Airteagal 1, mír 6, den Rialachán bunaidh, gurb amhlaidh a d'onnmhairigh an t-iarratasóir an táirge lena mbaineann chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh nó go bhfuil oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air cainníocht shuntasach a onnmhairiú chuig an Aontas, shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe, bunaithe ar an bhfianaise dhoiciméadach a cuireadh ar fáil, gur onnmhairigh an t-iarratasóir rothair leictreacha chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdúcháin den imscrúdú bunaidh. Sholáthair an t-iarratasóir doiciméid díolacháin ábhartha maidir le hidirbheart onnmhairiúcháin leis an nGearmáin a tharla i Meán Fómhair 2022.

(11) Ar bhonn an mhéid thuasluaite, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go gcomhlíonann an t-iarratasóir an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 1, mír 6, den Rialachán bunaidh.

(12) Dá réir sin, ba cheart glacadh leis an iarraidh go ndeonófaí NEPT agus ba cheart an t-iarratasóir a bheith faoi réir dleacht frithdhumpála 16,2 % le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla den imscrúdú bunaidh (agus faoi réir an ráta dleachta frithchúitimh le haghaidh gach cuideachta eile arna fhorchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ar an táirge lena mbaineann).

D. **NOCHTADH**

(13) Cuireadh an t-iarratasóir agus tionscal an Aontais ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a measadh gurbh iomchuí an ráta dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na cuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh i sampla an imscrúdaithe bunaidh a dheonú do Zhejiang Feishen Vehicle Industry Co., Ltd.

(14) Tugadh an deis do na páirtithe barúlacha a chur isteach. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(15) Tá an Rialachán i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Iarscríbhinn II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73, cuirtear an chuideachta seo a leanas le liosta na gcuideachtaí comhoibríocha nár áiríodh sa sampla san imscrúdú frithdhumpála agus faoi réir an ráta dleachta frithchúitimh chomhthreomhair le haghaidh gach cuideachta eile i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72:

Ainm na Cuideachta	Cúige	Cód breise TARIC
'Zhejiang Feishen Vehicle Industry Co., Ltd.	Zhejiang	89AD'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN